C/2024/5579

17.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11716 – NORDIC CAPITAL XI / CVC / PLATINUM IVY / HARGREAVES LANSDOWN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5579)

1. An 4 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordic Capital XI, Limited ('Nordic Capital XI', Geirsí), faoi úinéireacht Nordic Capital group ('Nordic Capital', Geirsí),

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Platinum Ivy B 2018 RSC Limited ('Platinum Ivy', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Investment Authority (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Hargreaves Lansdown plc ('Hargreaves Lansdown', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Capital XI, CVC agus Platinum Ivy rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Hargreaves Lansdown ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 9 Lúnasa 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Nordic Capital a infheistíonn trína chistí i gcuideachtaí móra agus meánmhéide,

— Soláthraíonn CVC comhairle infheistíochta do chistí agus meáin infheistíochta áirithe agus/nó déanann sé infheistíochtaí a bhainistiú thar a gceann,

— Infheistíonn Platinum Ivy i sócmhainní cothromais phríobháidigh,

— Oibríonn Hargreaves Lansdown ardán coigiltis agus infheistíochta atá dírithe ar an tomhaltóir d'infheisteoirí príobháideacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11716 – NORDIC CAPITAL XI / CVC / PLATINUM IVY / HARGREAVES LANSDOWN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË